Gaelscoil na Fuinseoige
oifig@gsnafuinseoige.ie
(01) 298 9851
www.gsnafuinseoige.ie

Nuachtlitir
Deireadh Fómhair, 2019

FÁILTE/*WELCOME*

A chairde,

Tá súil agam go bhfuil sibh go maith agus go mbaineann sibh taitneamh as nuacht na míosa seo a léamh.

I hope this newsletter finds you all well. Enjoy reading up on this month's news in Gaelscoil na Fuinseoige.

Aisling

CRUINNIÚ CINN BLIANA COISTE CAIRDE/*COISTE CAIRDE AGM*

Beidh CCB an Coiste Cairde ar siúl ar an Déardaoin, 10ú Deireadh Fómhair ag 8in i halla na scoile. Beidh cupán tae ann ina dhiaidh. Ba bhreá linn slua mhór a fheiceáil ann.

The AGM of the Coiste Cairde will be held on Thursday, 10th October at 8.00pm in the school. We would love to see a big crowd at this and the coiste will have a cup of tea for you after the meeting.

TIONÓL/*ASSEMBLY*

Bíonn tionól againn gach maidin Aoine i halla na scoile. Ag an tionól, déanaimid iarracht treisiú a dhéanamh ar dhea-iompar na bpáistí agus labhraímid faoi imeachtaí scoile agus rudaí speisialta atá ar siúl sa scoil. Chomh maith le sin, déanaimid iarracht aitheantas a thabhairt do pháistí a rinne éacht in aon ghné de chúrsaí scoile an tseachtain sin. Tugaimid Teastas na Gaeilge amach chomh maith do phaistí a sheas amach ó thaobh labhairt na Gaeilge de an tseachtain sin.

We have whole-school assembly in the hall every Friday morning. At assembly we to try to reinforce and commend positive behaviour and we speak about any events or occasions happening in the school that week. We also try to acknowledge any special achievements or efforts the children have made that week. We also award "Teastas na Gaeilge" to children who have made a special effort speaking Irish that week.

FÉINMHEASTÓIREACHT SCOILE/*SCHOOL SELF EVALUATION*

Tá litearthacht roghnaithe againn mar fhoireann don FMS. Beimid ag obair ar ár scileanna liteartha agus muid ag tabhairt faoin scéalaíocht.

We have chosen literacy as our focus for SSE. We are working hard on our literacy skills and are reading and retelling a different fairy tale every month.

BORD BAINISTÍOCHTA/*BOARD OF MANAGEMENT*

Mar is eol daoibh beidh Bord Bainistíochta nua i bhfeidhm Mí na Nollag na bliana seo. Tá beirt thuismitheoir, athair agus máthair ag teastáil ar an mbord. Caithfidh Gaeilge a bheith ag na tuismitheoirí agus má tá ceist ar bith ag aon duine, ní gá ach labhairt liom.
https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/Boards-of-Management/governance-manual-for-primary-schools-2019-2023.pdf

As you are aware a new Board of Management will be in place this December. The school are looking for a father and mother (as per rules above) with Gaeilge as nominees on the board. Please speak to Aisling if you have any queries re same.

MÍ AN MHATA/*MATHS MONTH*

An mhí seo, Mí Dheireadh Fómhair beidh Mí an Mhata againn. Beidh gach rang ag déanamh oibre bhreise sa mhata. Tá seomra STEM againn agus beidh seisiúin ag gach rang ann gach seachtain ag obair go gníomhach ar mhata. Is é Tomhais an téama a bheidh againn.

This month is Maths Month in the school. We will all be doing extra maths activities during the month and each class will have a session in the STEM room once a week. The theme we are working on is Measures.

EARRAÍ CAILLTE/*LOST PROPERTY*

Tá sé riachtanach go mbíonn ainm ar gheansaithe agus ar chótaí na bpáistí le bhúr dtoil. Tá geansaithe sa scoil gan aon ainm orthu agus ní féidir linn a bheith freagrach astu. Iarraimid oraibh do pháiste a chur isteach go dtí an rang ag deireadh an lae mura bhfuil geansaí aige/aici ag am dul abhaile agus é a lorg.

Please ensure that your child's name is on all jumpers and coats. We have a number of items left in school every day, many of them without names on them. We cannot be responsible for lost property without names. If your child comes out to the gate without his/her jumper, please send him/her back into the classroom to retrieve same.

SOS LÁR TÉARMA/*MID TERM BREAK*

Táimid ag dúnadh ar an Aoine, 25ú Deireadh Fómhair ag 1.10in agus 2.10in don bhriseadh meán téarma. Osclóidh an scoil arís ar an Luan, 4ú Samhain.

The school will close for midterm on Friday, 25th Octoberand reopen on Monday, 4th November.

CUMHDACH LEANAÍ/*CHILD PROTECTION*

Tá Ráiteas Cumhdach Leanaí ar fáil ar an gclár fógraíochta taobh istigh de dhoras na scoile. Tá sé ar fáil freisin ar an suíomh idirlín, www.gsnfuinseoige.ie .

The Child Safeguarding Statement is available to read on the noticeboard inside the main door of the school. It is also available on our school website, www.gsnafuinseoige.ie.

GRIANGRAFADÓIR SCOILE/*SCHOOL PHOTOGRAPHER*

Beidh grianghrafadóir na scoile, County Photos sa scoil ar an gCéadaoin, 9ú DF. Beidh siad ag glacadh griangraf do na **Naíonáin Shóisearacha amháin** (Rang Katy agus Sive).

*County Photos, the school photographer will be in the school on Wednesday, 9th October. They will be taking phots of the **Junior Infant classes only**. (Rang Katy agus Sive).*

LÓIN/*LUNCHES*

Táimid ag iarraidh oraibh an lón a dhéanamh chomh éasca agus is féidir gan aon bhia a thabhairt dod' pháistí gur ga don mhúinteoir a oscailt m.sh, Frubes, cáis srl. Níl ach 10 nóiméad ag na páistí an lón a ithe agus cuireann oscailt na n-earraí seo moill ar chúrsaí.

The children only have 10 minutes to eat their lunch every day and we are asking you to help them use this time eating rather than organising their lunches. Please don't give them any food that they cannot open easily themselves. Frubes, cheese etc. are causing long queues at teachers tables every day! Thanks in advance for your co-operation with this.

AM DUL ABHAILE/*HOME TIME*

Iarraimid oraibh a chinntiú go mbailíonn tú do pháiste ón múinteoir ag an ngeata ag am dul abhaile le bhúr dtoil. Má tá do pháiste ag dul ar "play date" caithfear an múinteoir a chur ar na eolas trí nóta a chur sa dialann/fillteán an pháiste le bhúr dtoil.

Please ensure that you come as far as the school gate to collect your child from the teacher at home time. If your child is going on a play date after school, please inform the class teacher by writing a note in the dialann or placing a note in their folder. Teachers check the children's folders and dialainn every morning.

CRUINNITHE TUISTÍ-MÚINTEOIRÍ/*PARENT-TEACHER MEETINGS*

Beidh Cruinnithe tuismitheoirí Rang 1&2 (Caitríona agus Colm) ar siúl an tseachtain 18ú-22ú Samhain. Cuirfear nóta abhaile faoi roimh ré. Beidh cruinnithe na naíonán ar siúl Mí Feabhra.

Rang 1&2 (Caitríona agus Colm) parent teacher meetings will be held the week of 18th-22nd November. Parents will receive more information the first week in November. The meetings for Junior and Senior Infants will be held in February.

NAOMH OLAF

Beidh peil agus iománaíocht á dhéanamh ag na ranganna ar fad gach seachtain ag tosú an mhí seo. Beidh Yseult ag múineadh na bpáistí ag na seisiúin seo. Chomh maith le sin beidh Rang 1&2 ag glacadh páirte i mbliots i Naomh Olaf i gcoinne scoileanna eile roimh dheireadh na míosa. Beidh deis againn geansaithe spóirt na scoile a chaitheamh don chéad uair!

Yseult, a coach from Naomh Olaf GAA club will be coming in once a week to teach football and hurling/camogie skills to the children. These sessions will start in the next couple of weeks. Rang 1&2 will also be participating in our first schools blitz in Naomh Olaf club at the end of the month. This will be our first chance to wear our new school jerseys which were very kindly donated to us by Naomh Olaf club!

BAILIÚCHÁIN ÉADAÍ/*CLOTHES COLLECTION*

Tá an Coiste Cairde ag eagrú bailiúcháin sean éadaí sa scoil chun airgead a thiomsú dúinn. Beidh an comhlacht ag teacht chun na málaí a bhailiú ar an gCéadaoin, 16ú DF. Glacfaimid le málaí sa scoil ón Luan, 7ú DF ar aghaidh. Déantar na málaí a mheá agus faighimid méid áirithe airgid ar gach kg éadaí. Tá tuáillí, braillíní, cuirtíní agus blaincéid an-trom, is fiú breathnú sna cófraí féachaint an bhfuil aon rud agaibh!

The Coiste Cairde are organising a clothes collection in order to raise money for the school. The clothes will be collected in the school on Wednesday, 16th October but you can leave bags into the school from Monday, 7th October onwards. Bags will be weighed and the school will be paid for each kg of clothes. Sheets, towels, curtains and blankets are particularly heavy, it might be worth looking in Granny's hot press for same!!

PACÁIL MÁLAÍ/*BAG PACKING*

Tá an coiste ag eagrú deireadh seachtaine pacáil málaí chomh maith. Beidh sé ar siúl ón Aoine 18ú DF go dtí an Domhnach 20ú i SuperValu Baile an Teampaill. Ba mhaith linn tacaíocht a fhail ó gach clann leis an bhfeachtas seo le bhúr dtoil. Míle buíochas leis an gcoiste as na himeachtaí seo a eagrú dúinn.

The Coiste Cairde are also organising a bag packing fundraiser Friday, Saturday and Sunday 18th, 19th and 20th October in SuperValu Churchtown. Please contact your staff rep if you are able to help out at this event. Many thanks to the coiste for organising these events.

LÉAMH LE CHEILE/*PAIRED READING*

Tá an córas léamh le chéile tosaithe sna ranganna. Tá sé go hiontach go bhfuil an tacaíocht againn uaibh, cabhraíonn sé go mór le dul chun cinn na bpáistí.

We have commenced our paired reading in Senior Infants and First class. Many thanks to those who can help out, it is hugely beneficial to the children.

LEABHARLANN/*LIBRARY*

Beidh na páistí ag tosú ar a tréimhsí sa leabharlann go luath. Beidh deis ag gach páiste leabhar a thógáil ar iasacht ar feadh seachtaine. Faraor, ma chailltear leabhar beidh ar an tuismitheoir €5 a íoc. Táimid ag lorg cabhrach ó thuismitheoirí obair a dhéanamh sa leabharlann aon lá ón Luan-Aoine idir 8.30-9.30. Má tá tú ar fáil seol ríomhphost ag Clodagh ag oifig@gsnafuinseoige.ie le bhúr dtoil.

The children will be starting their sessions in the school library very soon. Each child may borrow a book for a week. If a book is lost, we have to ask parents for €5 to help us replace the book. We are looking for help form parents in the library any morning from 8.30-9.30. If you are available to help please email Clodagh at oifig@gsnafuinseoige.ie.